Gaoṫ Doḃair

An tseaċtain seo caite fuair Caṫal Ó Corráin bás ag Dun an Inbir agus bí tórraṁ iontaċ mór leis go reilig Cnoc Fola. Níṫear coṁbrón lena deirfiúraċa, Mairéad, Eiblín, Máire agus Neansi, agus a deartáireaċa, Seán, Pádraig agus Aindí. An tAṫair Mac an tSaor, S.C., Cnoc Fola, adúirt na paidreaċa ag an uaig.

Coṁġáirdeaċas le Árd Scoil Muire, na múinteoirí agus na scoláirí seo leanas a ḃain scoláireaċta: Páidí Mac Páidín, Cnoc Fola, scoláireaċta na Gaeltaċta go Coláiste Ollscoile na Gailliṁe, Doiminic Ó Gallċoḃair, scoláireaċt Gaeltaċta go Coláiste Ollscoile na Gailliṁe; Pól Ó Curráin, scoláireaċt Gaeltaċta, Anton Ó Dúgáin, Falcarraiġ, glaoċ ċuig Coláiste Oiliúna, Dromconnraċ.

Ins na Stáit Aontaiṫe pósaḋ Eiblín Treasa Nic Aoiḋ, S.R.N., S.C.M., iníon Cití Mac Aoiḋ agus Liam Mac Aoiḋ, naċ maireann, Carraig. I dTeaċ Pobal Caitliceaċ Naoṁ Muire, Nua Eaḃraċ, le Peadar Jyacink, Na Eaḃraċ.

Ḃí an Doċtúir C. Mac Giolla Cearra agus Bean Ṁic Giolla Cearra, Ardṁín, Dunbeag, ar laeṫa saoire ar an Ṁór Roinn. Ḃí an Doċtúir Ó Cuinneagáin ag glacaḋ áite an Doċtúir Mac Giolla Cearra faid is ḃí sé ar saoire.

Ar na micléinn a fuair an Árd Teistiméireaċt in Árd Scoil Ṁuire, ḃí Pól Ó Curráin, mac le Aoḋ Ó Curráin, O.S., agus a ḃean, Gort a' Ċoirce (sé onóraċa) agus scoláireaċt Gaeltaċt de ċúig bliana go dtí Ollscoil na Gailliṁe, Pádraig Mac Páidín, mac le Pilib Mac Páidín agus a ḃean, Cnoc Fola, Droim na Leice, onóraċa san Árd Teistiméaraċt agus an ċéad áit scoláireaċt Gaeltaċt do Ċoláiste Ollscoile na Gailliṁe. Ḃí post aige mar Oifigeaċ Custaim ċeana aċ ṫug sé suas sin le dul go dtí an Ollscoil, Domnic Ó Gallċoḃair, Mín an Iolair, Doire Beag, mac le Eoin Ó Gallċoḃair agus a ḃean, onóraċa san Árd Teistiméaraċt agus scoláireaċt Gaeltaċta go dtí Ollscoile na Gailliṁe. Anton Ó Duċáin, mac le Donnċaḋ Ó Dúċáin agus a ḃean, Druim na Tine, An Fálċarraċ, onóraċa san Árd Teistiméaraċt agus glaoċ ċuig Ċoláiste Pádraig, Dromconnraċ, deartáir dó sea Éamon Ó Dúċáin, O.S.

Faoi ḋeireaḋ ṫiar ṫall, tá ċuid fear Roinn Poist agus Telegraife, ag obair ins na Rosa ⁊ Gaot Doḃair, a' leagann síos cáblaí nua telefóin. Le blianta anois, ḃí i ḃfad níos mó gléasanna telefóin insan gceantar seo ná mar a ḃí línte le freastal orṫa, agus sin cúis a ḃí leis an ṁoill gan ċéill, gan ṁaiṫ, a ḃí fá ċoinne scairteanna ċuig áit ar biṫ, agus go speisialta, go Baile Áṫa Cliaṫ. Coṁ maiṫ leis sin, ḃí na scórta a raiḃ iarratáisí istiġ acu le fada an lá, ag iarraiḋ guṫáin, aċ naċ ḃfuair iad. Ḃéarfar guṫán do gaċ duine atá ḋá iarraiḋ anois, agus cuirfear síos línte go leor, le cinntiú naċ mbeiḋ moill leis na scairteanna guṫán.

Tá baint na bpréataí iontaċ mall ar fad i gceantar Gaot Doḃair i mbliana. Ba ġnáċ ina gcionn i gceart i mbliana, go dtí indiaiḋ na Saṁna. Tá an talaṁ ċoṁ bog báiḋte anois ⁊ go ḃfuil sé doiliġ iad a ḃaint, ⁊ ní ṫig na tarraicairí a tabairt isteaċ ċor ar biṫ, agus caiṫfear a ḃeiṫ ag braṫ ar an tsean spáid, aċ ní sin an rud is measa, aċ ṫug le go loḃta na préataí ċoṁ maiṫ.

Ḃí cruinniú den A.O.N. i halla na Maċaireaċa Dé Doṁnaiġ seo caite, agus an Bráṫair Simón Ó Gallċoḃair i gceannas. Ḃí scaifte maiṫ ḃall i láṫair.

Tá na huiḃeaċa gann ċeana féin i gceantar Gaot Doḃair ⁊ d'ádraiġ siad go dtí 2s. 6d. an dosaen, cé naċ luaċ ró ṁór ar biṫ é seo do dosaen uiḃeaċa leis an luaċ atá orṫa san am i láṫair. A ḃalta sin. tá éileaṁ mór ar laċain i gceantar Ġaot Doḃair agus tá laċain ṁaiṫe reaṁra ag dul 15s. an ceann. Coṁarṫa eile de ġeiṁreaḋ crua a ḃeiṫ roṁainn, go ḃfuil cuid ṁór caortaí ar an ċuileann i gceantar Mín Uí Ḃaoill. Níl an ċuileann ċoṁ fairsing ṫart fán ċladaċ, aċ tá sé fairsing i gceart suas Mín Uí Ḃaoill agus cuma air go mbeiḋ cuid ṁór caortaí i mbliana air.

Tá séasúr na ḃfaoċóg ar oscailt ar ċladaċ Dún na nGall ⁊ tá iarraiḋ ṁaiṫ fána gcoinne ar 30s. an com. Téann an ċuid is mó acu ċuig margaḋ na Frainnce, agus Londain.

Táṫar ag déanaṁ iarraċt i nGaot Doḃair le tús a ċur le Cumann Dornálaíoċta. Beiḋ seo mar ċuid den tarraingt a ḃéas ag Cumann na mBuaċailli atá ḋá stiúraḋ ag an Aṫair Meehan, S.C., Doire Beaga.

Ṫit an ċéad sneaċta don ḃliain deireaḋ na seaċtaine seo caite, i gceantar Ġaot Doḃair, agus ḃí bearán bán ar an Eargall a ṁair go ceann cúpla lá. Seo níos luaiṫe ná ṫáinig sneaċta ar ḃárr an Eargail le tamall maiṫ. Tá coṁarṫaí ann go ḃfuil geiṁreaḋ crua roṁainn. Tá na géaċa fiaine ar eiteoig ċeana féin, agus tá sliánna róntaí isteaċ in aice an ċladaí. Agus ar ċoṁarṫa naċ ḃfuil i diṫ, tá na madaí rua graiṫeaċ ċeana féin ag creaċú i gceantar Mín Uí Ḃaoill.

Toisc obair an ḟoṁair a ḃeiṫ ċoṁ mall, níl bualaḋ an ċoirce aċ ag tosnaiġ anois i bparáiste Ġaot Doḃair. Tá an súiste amaċ as feiḋm ar fad anois, 'gus tarracairí agus inill bainte a níos an obair.

Cloċán Liaṫ

Cé go ḃfuil iascaireaċt na mbradán ṫart le fada bíoṫar ag leanúint le iascaireaċt na mbreac ar aġaiḋ go dtí an lá deireannaċ den ṁí seo caite. Ag iascaireaċt ag Loċ Leaċ ar na mallaiḃ fuair Alec Ó Muircú as Abolagán breac a ḃí os cionn trí punt meaċána.

Táṫar a ċur dóiġ ar an ḃealaċ mór ag Mín na tTóiteán san am i láṫair agus ag cur tarra air agus tá luċt an Council ag obair ar bealaċ Leaca Mór ċoṁ maiṫ.

Coṁġáirdeaċas le Séamas Ó Baoil, Príoṁ Sráid, a fuair glaoċ go Coláiste Oiliúna. Ċuaiġ sé go dtí Coláiste Naoṁ Pádraig, Dromconnraċ. Mac é le Geirtí Bean Uí Ḃaoill agus Seán D. Ó Baoill naċ maireann. Ḃí sé ar scoil ar An Cloċán Liat agus ina ḋiaiḋ sin ag Coláiste Aḋaṁnáin.

Táṫar buarṫa ar an Cloċán Liat faoi an scéal go ḃfuair Seán Pascer as Béal Feirste bás ar na mallaiḃ taréis tinneas ġoirid. Bíoḋ sé ina cuairteoir go rialta go dtí an Cloċán Liat le roinnt blianta agus ní raiḃ sé aċ cúpla seaċtain ó d'fág sé taréis saoire na bliana sa ceantar. Ḃí an tUasal Pascer ag obair do Roinn Talṁaíoċta. Béal Feirste, agus cainteoir líofa Gaeilge a ḃí ann. Ċuir sé suim sa Gaeilge ar tús agus é ina ċónaí i Londuin, agus ba ó Ġearmánaċ a fuair sé an ċéad eolas ar an teanga Gaeilge. Le na staidéar féin agus cuairteanna ċuig an Ġaeltaċt ċuir sé feaḃas ar an eolas agus fuair an blas agus deireaḋ. Iascaire iontaċ maiṫ a ḃí ann. Ba gnáṫaċ leis fanaċt le Pádraig Mac Giolla Bríde agus a ḃean ar Bóṫar an tSéipéil.

Ag Milleaḋ na Gaeilge

Risteard Ó Riain ar an Ṁeastaċán Oideaċais

A labairt ar an Ṁeastaċán Oideaċais dúirt Risteard Ó Riain, T.D., gur ṁór an truaiġ é naċ raiḃ an córas oideaċais ag spreagaḋ smaointe agus léirṁeas ins na daltaí. Ba é sin an loċt ba ṁó ar an ċóras.

Ḃíomar ag traenáil slua mór daoine óga gaċ bliain a raiḃ sé mar ċuspóir acu glacaḋ le caiġdeán a ḃí againn agus dá ḃríġ sin ní raiḃ an saoirse ar ṫroideaṁar go niṁe fá na ċoinne san am a ċuaiġ ṫart a ċosnaiṁ aċ d'féadfaí a ḃaint dúinn go héascaí. An cineál smaċt, smaċt an ṁaorflaṫais, smaċt na saineolaiṫe bréagaċ, an dream beag san tír ṡocraiġeann an patrún agus a ḃfuil stiúir acu ar na meáin-cumarsáide cibé go dtugann siad ar na daoine glacaḋ le na smaointe féin.

Ċonnaiceamar an daimséar atá anseo ins an óráid a rinne an Aire Dlí agus Cirt. D'ionsaiġ sé na daoine a raiḃ sé de ḋánaíoċt ionta ċur i gcoinne an ṁaorflaṫais. Ró ṫugṫa atáimid le tabairt isteaċ don ṁaorflaṫas céanna.

Is trua liomsa go ḃfuil an córas oideaċais ag traenáil náisiún de féaċantóirí agus gur ċailleamar an féin seasaṁ a raiḃ clú orainn dá ḃárr uair. Ba ċeart go mb'féidir oideaċas muna ḃfuil sé fúinn dul a ḃeiṫ in ár sclábaiṫe don ṁaorflaṫas seo, spreagaḋ a ḋéanaṁ ar an ċumas léirmeasa ins na daltaí. D'féidir gurb é an cuspóir ċun dul ar aġaiḋ ins na scrúdaiṫe is cúis leis an tinneas náisiúnta seo. Cibé cúis atá leis caiṫfear é ġlanaḋ amaċ ins an am atá le teaċt. An dóiġ go mbéiḋ níos mó féin seasaṁ ins na daoine ó na meán scoltaċa agus na h-ollscoltaċa? Muna ndéinimid go tapaiḋ é béimid in ár náisiún de sclábaiṫe don ṁaorflaṫas.

Ba ċeart do oideaċas pobal a tabairt dúinn le incinn neaṁspléaċ a ḃfuil meas acu orṫu féin agus a ḃfuil cumas ionṫu léirṁeas a ḋéanaṁ — an loċt is measa ar an córas oideaċas naċ ḃfuil siad ag tabairt pobal mar sin dúinn.

Ag cur síos ar an Ġaeilge, dúirt an Teaċta Ó Riain; Sul ar leanaḋ don díospóireaċt seo ḃí caint suimiúil ar siúl idir an Teaċta Ó Doṁnaill as Dún na nGall agus an Rúnaí Pairliminte do Aire na Gaeltaċta. Ḃí an ḃeirt acu ag caint i nGaeilge Cúige Ulaḋ. Ḃí cuid ṁór de os cionn cloigne teaċtaí an taoḃ seo, a fuair mo ḋalta féin, cineál de teanga briste óna Bráiṫre Críostaí maiṫe anseo i mBaile Áṫa Cliaṫ. Ba ṁaiṫ liomsa mo ṁí-ṡásaṁ féin a ċur in iúl faoi saoṫar Roinn an Oideaċais leis na haṫraiṫe seo ar na mallaiḃ. D'foġlaim na páistí de mo ġlún sa roinnt ṁaiṫ Gaeilge ar scoil. Fuaramar eolas ar focla agus móḋ litreaċa a ḃí againn nuair a d'fágamar an scoil. Ḃí sé ar ár gcumas claoiḋ leis an teanga go réasúnta. Ón am sin tá ḋá aṫrú bunúsaċ ann i gcuma agus i gcruṫ na Gaeilge. I dtús cuireaḋ aṫrú ar an litriú féin. Ní dóiġ go raiḃ focla go raiḃ eolas maiṫ orṫu uair aṁáin ar ár eolas anois. Ḃí saoṫar mór ag cuid againn ag iarraiḋ an cuma nua a ḃí ar an teanga Gaeilge ataint ⁊ a léaṁ, aṫrú a ṫáinig cúig nó deiċ mbliana taréis do ċuid againn an scoil a ḟágáil.

Ón am sin tá an dara aṫrú déanta ar an nGaeilge anois ar taoḃ an cló Gaelaċ a raiḃ eolas maiṫ againn air. Ní rud mígnáċ ar biṫ é anois do páistí ag dul ar scol a ḃeiṫ ag iarraiḋ ar a gcuid tuismiṫeoirí focla a litriú i nGaeilge agus na tuismiṫeoirí a ḃeiṫ á litri i nGaeilge ceart de réir mar d'foġlaim na tuismiṫeoirí é, agus na páistí a ḃeiṫ á mbualaḋ ar scoil lá ar na ḃáraċ as aistí a ḃeiṫ acu is focla Gaeilge litriṫe go mí ċeart ionṫu. Ní ábhar dóċais é seo agus is cuma liom cé'n saineolas atá san Roinn ag iarraiḋ é a ċur ceart. Sé toil na ndaoine den ċéad glún a fuair oideaċas i nGaeilge sna scoltaċa atá á ṡárú agus an taṫrú ċuir cosc idir tuismiṫeoirí agus a gcuid páistí ag dul ar scoil. San am a raiḃ sé fíor riaċtanaċ dea toil agus spreagaḋ a ṫabairt i n-úsáid na Gaeilge is de an rud an dá aṫrú gan riaċtanas agus aiṁċiallta seo a ṫabairt isteaċ le Gaeilge a ḋéanaṁ stráinséaraċ in intinn na nglún a ċaiṫ deiċ nó cúig blian déag ar scoil. De réir cosúlaċta nílimid ag na ḋeireaḋ go fóill. Tuigim go ḃfuil an teanga anois a ċur faoi trialaċa saoṫarlainne. Níl ḟios agam cé aca tá sé seo le fáil amaċ, cé aca tá an dá rud a d'aṫraiġ an Roinn ceart go fóill. Cuireann sé faitċíos orainn smaoitiú caidé an toraḋ deireannaċ a ḃéas air nuair a ṫiocfas an teanga amaċ as na trialaċa seo ag na taiġdeoirí ins na saoṫarlanna eolaíoċta. Innistear dúinn gur féidir leis an saoṫarlanna eolaíoċta seo a ḃeiṫ mar ċaḃar ṁór ag teagasc pobal.

D'féadfaḋ sin a ḃeiṫ dá mbeaḋ an teanga beo agus eolas maiṫ air. Ní raiḃ ann san am a ċuaiġ ṫart aċ an difríoċt idir Gaeilge Ċonaċt, Gaeilge na Muṁan nó Gaeilge Ulaḋ agus cibé a ḃí fágṫa i Laiġin. Ḃí an méid againn a ċuaiġ tríd an scoil le fiċe nó trioċa nó ceaṫraċa bliain réasúnta eolaċa ar na difríoċta idir na ceiṫre canaṁaintí agus ḃí an seans ann fríd am go raċaḋ na ceiṫre canaṁaintí seo le ċéile agus go dtiocfaḋ teanga beo amaċ asta. D'féidir gurb í an teanga í a ḃfuil na saineolaiṫe ag fonóid faoṫa anois an teanga a labarann pobal Baile Áṫa Cliaṫ nuair a labarann siad Gaeilge agus Sé mo ḃaraṁail sa go dtéann gurb í teanga beo a ḃeaḋ ann. Saoṫar na saineolaiṫe amú i gcineál teangan naċ féidir a léaṁ ⁊ tá an Roinn ag déanaṁ an scéal níos deacra fós. Roinnt blianta ó ṡoin ṫug an Roinn ordú naċ mbainfí úsáid aċ as an Cló Roṁánaċ. Na páistí ins na ranganna ísle ní ḃeaḋ ann aċ cló Roṁánaċ agus fríd am ní ḃeaḋ aċ an cló sin ag na páistí go léir agus ina ḋiaiḋ sin do na glúnta atá a teaċt. Ag an am céanna ḃí múinteoirí ag teagasc an cló Gaelaċ do páistí eile. Blian aṁáin ḃiṫear ag teagasc an cló Gaelaċ ⁊ an ḃliain ina ḋiaiḋ sin an cló Roṁánaċ. Ḃí deacraċt an ṁór ag na páistí ag aṫrú ón cló Gaelaċ go dtí an cló Roṁánaċ is na h'as ċuile áit. Ḃí gluaiseaċt i Sandéford i gCondae Áṫa Cliaṫ ag obair do litriú déanta ag siúl leis h's. Tuigim naċ ḃfuil meas ar biṫ ag na saineolaiṫe ar na daoine seo agus go ndeir siad naċ ḃfuil ionṫu aċ cranks. Deirtear naċ ḃfuil cranks níos mó ann de ṫaoḃ an Gaeilge ná na saineolaiṫe i Roinn an Oideaċais. Ċuir na daoine seo i Sandéford leaḃair ar fáil ar na mallaiḃ ins an cló seo, leaḃar a scrioḃ Myles na gCopaleen.

Ḃí sé éasca a léaṁ ag daoine mar mé féin ar teagascaḋ Gaeilge dioḃṫa fríd an cló Gaelaċ. Ċaiṫ an tAire féin níos mó ama leis an Gaeilge agus d'éiriġ leis níos fearr ná cuid againn agus bímid ag éad leis as ċoṁ maiṫ agus atá sé agus ċoṁ líoṁṫa. Tá daoine naċ b'fánn an seans ċun Gaeilge a labairt ina ngnát obair agus go ḃfuil oiread oibre ar siúl acu ina gcuid saor ama naċ ḃfuil faill acu claoiḋ le úsáid na Gaeilge. Ṫig leis na daoine seo naċ ḃfuil mórán seans cleaċtaiḋ Gaeilge acu leaḃar a léaṁ ins an cló Gaelaċ. Ba ṁaiṫ liomsa na saoṫarlanna eolaíoċta a ḟeiceáil ag ċur cló mar seo ar fáil is mó duine a ḃéarfaḋ molaḋ dioḃṫa as.

Nuair a ċuireann tú isteaċ na "h-eanna" bíonn na focla a ḃí ar eolas againn ar scoil aṫraiṫe ar fad. Ṫig focal cúig litir sa cló Gaelaċ a ḃeiṫ ina ḟocal oċt litir sa ċló Romanaċ. Léann daoine fásta leis an tsúl agus ní litríonn siad gaċ focal. Bíonn siad go heolaċ ar crot agus ainm ḟocal gur leor aṁarc aṁáin agus ní féidir sin a ḋéanaṁ nuair a ċaiṫeann tú cló naċ ḃfuil eolas agat air a léaṁ. Anois is cúis imní ormsa go nglacann an tAire leis an méid atá déanta ag an Roinn le blianta de tairḃe litriú na Gaeilge. Glacaḋ sé misneaċ. agus níos mó ná misneaċ, a rá gur ḋein an saineolas seo uiliġ go léir doċar ⁊ go ḃfuil sé ċun stop a ċur leis. Ba ṁaiṫ linn é a ḟeiceáil dul arais ċuig an cló atá ar eolas ag tuismiṫeoirí na bpáistí atá ag dul ar scoil inniu, agus muna ndéantar seo ní ḃeiḋ dea toil ag an pobal don Gaeilge. Bíonn ar an oide smaoiteaṁ ar na daoine a d'fág an scoil fiċe bliain nó níos mó ó ṡoin agus a ndeáṫoil don teanga a ḟáil sa dóiġ go dtig leofa caḃrú len a gcuid páistí agus spreagaḋ a ṫabairt dioḃṫa.

Miċeál Mac Cárṫaiġ, T.D. Is ioma leiṫscéal a ċuala mé ó ḋaoine a ḃfuil Gaeilge acu agus gur leasc leo í a labairt aċ an leiṫscéal a ċualamar ar ball ó an Teaċta Ó Riain ḃuail sé ar áiríos ariaṁ. Beaṫa gaċ teangan í a labairt. Ní taise don Gaeilge áṁ agus más mian linn í a ċoinneáil in a ḃeaṫa ní foláir í a labairt gaċ ócáid. Tráċt, an Teaċta Ó Riain ar an litriú nua. Cé'n baint atá aice sin le labairt na Gaeilge?

An tUasal Ó Riain—Ní múinteoir scoile mise.

An tUasal Mac Cárṫaiġ — Buíoċas le Dia. Ní fá ḋuit ḃeiṫ in do ṁúinteoir ċun an Gaeilge a labairt agus a ċleaċtú.

An tUasal Ó Tulaiġ — Agus anois tá sé leaṫ uair taréis a deiċ.

Scolaireaċta Muiġeo

Níl sé ceart ná coṫrom ligint do páistí a ḃí ar ṁeán-scoil coiṁlint ins na scrúdúċáin do scoláireaċtaí meán-scoil, adúirt Seán T. Ó Ruaḋáin, ag cruinniú de Ċoṁairle Condae Ṁuiġeo i gCaisleán an Ḃarraiġ nuair a bíoṫar ag tabairt údarás do scéim scoláireaċta na bliana seo ċugainn.

Dúirt Miċeál Fáidin, gur ċeart an scéim a ċoinneáil teoranta do ḋaoine a ḃí ar rollaí na scoltaċa náisiúnta.

Tá an ionad le déanaṁ ag na scoltaċa beirt-oidí san am i láṫair agus ní ṫig leis na múinteoirí teagasc ar leiṫ a ṫabairt do na scoláirí. Níl ann aċ amaidí a ḃeiṫ ag iarraiḋ coiṁlint le páistí atá ag freastal ar meán-scoil ċeana.

Dúirt an tUasal Ó Ruaḋáin gur ceist aċrannaċ í seo, anuas sna blianta.

"An Guṫ"

Foilsíoḋ an ċéad uiṁir den iris nua míosúil ag an gCoiste Caṫraċ an tseaċtain seo. Tá sé ar díol ar 3d. an ċóip (2s. 6d. an dosaen do ċraoḃaċa). Tá eolas le fáil faoi imeaċtaí na gcraoḃ agus nuaċt ġinearálta faoi ċúrsaí na Gaeilge sa ṗríoṁċaṫair sa "Guṫ."